C/2026/2287

16.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12237 — CARLYLE / BASF COATINGS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2287)

1. An 8 Aibreán 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group Inc. ('Carlyle', na Stáit Aontaithe),

— Rannóg brataithe BASF ('BASF Coatings', an Ghearmáin), faoi rialú BASF SE ('BASF', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Carlyle rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar BASF Coatings ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Carlyle,

— Is é BASF Coatings rannóg brataithe BASF, atá gníomhach ar fud an domhain i gcóireáil dromchla, i mbratú OEM mótarfheithiclí agus i mbratú ath-bhailchríochnaithe mótarfheithiclí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12237 — CARLYLE / BASF COATINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').